An Chomhairle Eorpach

**An Bhruiséil, 6 Márta 2025**
**(OR. en)**

**EUCO 6/25**

**CO EUR 5**
**CONCL 2**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Ábhar: | Cruinniú urghnách den Chomhairle Eorpach (6 Márta 2025) – Conclúidí |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, i gceangal leis seo, na Conclúidí a ghlac an Chomhairle Eorpach ag an gcruinniú thuasluaite.

## I. AN ÚCRÁIN

1. Bhí seisiún tuairimíochta ag an gComhairle Eorpach le Volodymyr Zelenskyy, Uachtarán na hÚcráine.

2. Phléigh an Chomhairle Eorpach a bhfuil tarlaithe le déanaí san Úcráin. Thacaigh 26 Cheann Stáit nó Rialtais go láidir leis an téacs a leagtar amach in EUCO 10/25.

3. Fillfidh an Chomhairle Eorpach ar an tsaincheist seo ag an gcéad chruinniú eile a bheidh aici.

## II. AN CHOSAINT EORPACH

4. Á mheabhrú di Dearbhú Versailles mhí an Mhárta 2022 agus an Compás Straitéiseach um Shlándáil agus Cosaint, leagann an Chomhairle béim ar a thábhachtaí atá sé go mbeadh an Eoraip níos ceannasaí, níos freagraí as a cosaint féin agus níos ullmhaithe chun gníomhú agus déileáil go neamhspleách, trí chur chuige 360°, le dúshláin agus bagairtí, anois agus amach anseo. I dtimpeallacht atá ag athrú, is dúshlán eiseach do shlándáil an Aontais Eorpaigh é cogadh foghach na Rúise ar an Úcráin gona iarmhairtí ar shlándáil na hEorpa agus an domhain.

5. Sa chomhthéacs sin, cuirfidh an tAontas Eorpach dlús le slógadh na n-ionstraimí agus an mhaoinithe is gá chun slándáil an Aontais Eorpaigh agus cosaint ár saoránach a neartú. Agus an méid sin á dhéanamh aige, neartóidh an tAontas a ullmhacht fhoriomlán cosanta, laghdóidh sé a spleáchais straitéiseacha, tabharfaidh sé aghaidh ar bhearnaí sna cumais chriticiúla agus neartóidh sé bonn teicneolaíoch agus tionsclaíoch na cosanta Eorpaí ar fud an Aontais ionas gur fearr is féidir trealamh a sholáthar sna cainníochtaí agus ar an luas géaraithe is gá. Cuideoidh sé sin freisin le borradh a chur faoi iomaíochas tionsclaíoch agus teicneolaíoch na hEorpa.

6. Ag cur leis na conclúidí a ghlac sí roimhe seo agus i gcomhréir leis na hinniúlachtaí faoi seach a thugtar leis na Conarthaí, agus i bhfianaise na litreach a scríobh Uachtarán an Choimisiúin ar na mallaibh, leagann an Chomhairle Eorpach béim ar a riachtanaí atá sé go leanfaí de mhéadú suntasach a dhéanamh ar an gcaiteachas ar an tslándáil agus ar an gcosaint Eorpach, agus:

   a) is díol sásaimh di go bhfuil sé ar intinn ag an gCoimisiún a mholadh don Chomhairle an clásal éalaithe náisiúnta faoin gComhshocrú Cobhsaíochta agus Fáis a ghníomhachtú mar bheart láithreach, agus iarrann sí ar an gCoimisiún féachaint ar bhearta eile a chuirfidh tuairimí na Comhairle san áireamh agus a áiritheoidh inbhuanaitheacht fiachais ag an am céanna, ar bearta iad a éascóidh, i ngach Ballstáit, caiteachas suntasach ar chosaint ar an leibhéal náisiúnta;

   b) iarrann sí ar an gCoimisiún a mholadh go gcuirfí foinsí breise cistiúcháin ar fáil don chosaint ar leibhéal an Aontais, lena n-áirítear trí fhéidearthachtaí agus dreasachtaí breise a thabhairt do na Ballstáit uile, ar bhonn phrionsabail na hoibiachtúlachta, an neamh-idirdhealaithe agus na córa comhionainne i leith na mBallstát, maidir le húsáid na leithdháiltí a fhaigheann siad faoi láthair faoi chláir ábhartha chistiúcháin an Aontais, agus tograí ábhartha a thíolacadh go pras;

   c) tugann sí dá haire go bhfuil sé ar intinn ag an gCoimisiún togra a chur ar aghaidh le haghaidh ionstraim nua de chuid an Aontais chun iasachtaí dar taca buiséad an Aontais agus ar fiú suas le EUR 150 billiún iad a chur ar fáil do na Ballstáit, agus iarrann sí ar an gComhairle an togra sin a scrúdú mar ábhar práinne;

   d) is díol sásaimh di an litir a scríobh Uachtarán Ghrúpa an Bhainc Eorpaigh Infheistíochta ar na mallaibh agus na pleananna atá inti maidir le dlús a chur lena thacaíocht do thionscal slándála agus cosanta na hEorpa, agus a chumas oibríochtaí agus maoiniúcháin á choimirciú aige ag an am céanna, agus iarann sí ar Bhord Gobharnóirí an Bhainc Eorpaigh Infheistíochta (BEI) leanúint go práinneach leis an oiriúnú atá á dhéanamh ar chleachtais BEI maidir le hiasachtaí a thabhairt don tionscal cosanta, go háirithe trí athmheastóireacht a dhéanamh ar liosta na ngníomhaíochtaí eisiata agus trí dhlús a chur le méid an mhaoinithe atá ar fáil i réimse na slándála agus na cosanta;

e) leagann sí béim ar a thábhachtaí atá sé maoiniú príobháideach a shlógadh don tionscal cosanta agus iarrann sí ar an gCoimisiún machnamh a dhéanamh ar bhearta i ndáil leis sin, lena n-áirítear trí thábhacht thionscal na cosanta don Eoraip i gcoitinne a chur in iúl d'infheisteoirí príobháideacha;

f) i gcomhréir leis an obair atá déanta cheana faoi chuimsiú na Gníomhaireachta Eorpaí um Chosaint agus i gcomhréir iomlán le ECAT, aithníonn sí an chéad liosta seo a leanas de na réimsí tosaíochta le haghaidh gníomhaíochta ar leibhéal an Aontais i réimse na gcumas, agus na ceachtanna a foghlaimíodh ón gcogadh san Úcráin á gcur san áireamh: cosaint aeir agus diúracán; córais airtléire, lena n-áirítear cumais domhain-ionsaithe ardbheachtais; diúracáin agus armlón; ladrainn agus córais frith-ladrann; cumasóirí straitéiseacha, lena n-áirítear i ndáil le cosaint an spáis agus an bhonneagair chriticiúil; an tsoghluaisteacht mhíleata; an cibearspás; an intleacht shaorga agus an chogaíocht leictreonach;

g) athdhearbhaíonn sí go gcuireann cosaint teorainneacha uile talún, aeir agus muirí an Aontais le slándáil na hEorpa ina hiomláine, go háirithe a mhéid a bhaineann le teorainn thoir an Aontais, i bhfianaise na mbagairtí ón Rúis agus ón mBealarúis;

h) ina theannta sin, i bhfianaise na mbagairtí ar an gcuid eile de theorainneacha an Aontais, leagann sí béim ar a thábhachtaí atá sé iad a chosaint;

i) leagann sí béim ar a thábhachtaí atá sé an t-éileamh a chomhiomlánú ar bhealach córasach, ceanglais agus soláthar comhpháirteach a chomhchuibhiú d'fhonn costais fhoriomlána a laghdú, caighdeánú agus idir-inoibritheacht a áirithiú agus intuarthacht níos fearr a chur ar fáil do thionscal na hEorpa, lena n-áirítear FBManna agus cuideachtaí meánchaipitlithe, chomh maith le rannchuidiú le go mbeadh margadh dea-fheidhmiúil ann le haghaidh an tionscail cosanta lena bhféadfaí leas níos fearr a bhaint as infheistíochtaí príobháideacha agus poiblí agus lena n-áiritheofaí an rochtain trasteorann ar shlabhraí soláthair cosanta;

j) iarrann sí ar an nGníomhaireacht Eorpach um Chosaint, i gcomhar leis an Ardionadaí, leis an gCoimisiún, agus leis na Ballstáit, na próisis iomchuí a athbhreithniú go pras chun na críche sin;

k) iarrann sí ar na comhreachtóirí an chaibidlíocht maidir leis an gClár um an Tionscal Cosanta Eorpach a thabhairt chun críche a luaithe is féidir;

l) leagann sí béim ar a thábhachtaí atá sé tacaíocht leanúnach a thabhairt don taighde, don nuáil agus don fhorbairt tríd an gCiste Eorpach Cosanta;

m) iarrann sí ar an gCoimisiún agus ar na comhreachtóirí leanúint go pras den obair chun an creat dlíthiúil agus riaracháin a shimpliú, go háirithe maidir leis an soláthar poiblí agus leis an gcomhar tionsclaíoch, ceanglais maidir le tuairisciú agus ceadú, chun aghaidh a thabhairt ar na bacainní agus ar na scrogaill uile ar constaic iad do bhorradh tapa a chur faoin tionscal cosanta, lena n-áirítear i gcás FBManna agus cuideachtaí meánchaipitlithe eile. Sa chomhthéacs sin, iarrann an Chomhairle Eorpach ar an gCoimisiún tús áite a thabhairt do omnibus simpliúcháin cosaint-sonrach.

7. Meabhraítear don Chomhairle Eorpach chomh maith, ach Aontas Eorpach níos láidre agus níos cumasaí a bheith ann i réimse na slándála agus na cosanta, go gcuirfear le slándáil an domhain agus leis an tslándáil thrasatlantach, agus go gcomhlánófar ECAT, arb é bunchloch a gcosanta comhchoitinne i gcónaí é ag na Stáit sin atá ina gcomhaltaí de. Iarrann sí ar na Ballstáit ar comhghuaillithe de ECAT iad freisin comhordú a dhéanamh roimh Chruinniú Mullaigh ECAT i mí an Mheithimh 2025. Leagann an Chomhairle Eorpach béim ar a thábhachtaí atá sé go n-oibreofaí i gcomhar le comhpháirtithe atá ar aon intinn linn ach nach bhfuil san Aontas.

8. Tá an méid sin thuas gan dochar do chineál sonrach na mbeartas slándála agus cosanta atá ag Ballstát áirithe agus cuirtear san áireamh leis, i gcomhréir leis na Conarthaí, leasanna slándála agus cosanta na mBallstát uile.

9. Tá an Chomhairle Eorpach ag súil leis an bPáipéar Bán maidir le Todhchaí na Cosanta Eorpaí, lena n-áirítear gnéithe breise arb é is aidhm dóibh borradh suntasach a chur faoin maoiniú don chosaint Eorpach agus bonn tionsclaíoch agus teicneolaíoch na cosanta Eorpaí a neartú.

10. Fillfidh an Chomhairle Eorpach ar an tsaincheist seo ag na cruinnithe a bheidh aici i mí an Mhárta agus i mí an Mheithimh.